



TUARASCÁIL AN

BHINSE CÚITIMH I nDÁIL LE  
HEIPITÍTEAS C & VÍREAS  
EASPA IMDHÍONACHTA  
DAONNA (VEID)

2022



# Clár ábhair

*Leathanach*

1. Réamhrá	5
2. Comhaltas an Bhinse	7
3. Teidlíocht chun Éileamh a	9
4. Oibríocht an Bhinse	11

## **Aguisíní**

<b>I</b> Achoimre ar Dhámhachtainí, Achomhairc, Íocaíochtaí Ciste Cúitimh agus Costais dlí go dtí seo	15
<b>II</b> Cuntais 2022	21
<b>III</b> Comhaontaithe Réitigh	25
<b>IV</b> Costais Dlí a íocadh in 2022	29



# Réamhrá

Tá an-áthas orm an Cúigiú Tuarascáil Bhliantúil is Fiche maidir le gníomhaíochtaí an Bhinse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C agus VEID le haghaidh 2022 a chur i láthair.

Bunaíodh an Binse i mí na Nollag 1995 chun cúiteamh a thabhairt, i measc nithe eile, do dhaoine atá ionfhabhtaithe le Heipitéas C mar thoradh ar ghlóbailin imdhíonachta frith-D a úsáid, nó fuilistriúcháin nó táirgí fola éillithe a fháil laistigh den Stát. Cuireadh tús leis an Acht um Chúiteamh i ndáil le Heipitéas C (1997) ar an 1ú lá de mhí na Samhna 1997. I mí Dheireadh Fómhair 2002, leathnaíodh obair an Bhinse mar gheall ar thabhairt isteach an Achta um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C (Leasú), 2002, rud a chuir ar chumas an Bhinse cúiteamh a thabhairt do dhaoine áirithe a tholg VEID laistigh den Stát ó tháirgí fola áirithe agus chun socrú a dhéanamh i dtaobh nithe gaolmhara. Cuireadh tuilleadh le cumhachtaí an Bhinse in 2006 faoin Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C (Leasú) 2006.

In 2020, mar thoradh ar na srianta riachtanacha a cuireadh ar an tsochaí chun dul i ngleic le paindéim COVID-19, rinne an Binse iarratas chuig an Aire Sláinte le haghaidh ainmniúcháin chun tús a chur le héisteachtaí cianda agus rinneadh foráil don ainmniúchán sin faoi Alt 31 den Acht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020 agus cuireadh tús leis le I.R. Uimh. 428/2020 – An tAcht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020 (Ailt 29 agus 31) (Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C agus VEID) (Ainmniú), 2020.

Éisteann an Binse le héisteachtaí ar bhonn leanúnach ó Mhárta 1996. Cuireadh isteach 25 éileamh nua in 2022, agus mar sin, bhí 5012 éileamh san iomlán ann ag deireadh 2022. Cé gur íoc an Binse dámhachtainí in 38 cás in 2022, tá thart ar 246 éileamh tosaigh ag fanacht le héisteacht agus/nó cinneadh os comhair an Bhinse. Tá an Binse fós i dteagmháil ghníomhach le héilitheoirí agus lena gcomhairleoirí agus é ag iarraidh éilitheoirí a spreagadh chun a n-éilimh ar éisteacht a thabhairt os a gcomhair, go háirithe nuair a tionscnaíodh éilimh blianta fada ó shin. Tá na hiarrachtaí seo ag cur cearta na n-éilitheoirí chun cinn toisc go bhfuil an Binse ag iarraidh an cúiteamh a bhfuil siad ina dteideal a íoc le héilitheoirí nuair a iarrtar ar an mBinse é sin a dhéanamh. Leanann an Binse air ag tabhairt dáta éisteachta a luaithe agus is féidir le haghaidh éileamh a bhfuil na doiciméid tacaíochta iomlána acu.

In 2022, d'éirigh ár Rúnaí Cúnta, an Iníon Bernie McGowan as oifig agus ceapadh an tUasal Paul Donohoe. Ina theannta sin, chuir muid fáilte roimh bheirt chomhaltaí nua a cheap an tAire, eadhon an Iníon Claire Cummins B.L. agus an Iníon Emma Cassidy B.L. Thar ceann an Bhinse, guím gach sonas ar an Iníon McGowan agus í ag dul ar scor, ba mhaith liom buíochas a ghabháil léi as an gcúnamh iontach a thug sí dúinn thar na blianta. A Uasail Donohoe, a Iníon Cummins agus a Iníon Cassidy, cuirim fearadh na fáilte romhaibh uile agus sibh ag cur tús le bhur gcuid oibre leis an mBinse.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí uile an Bhinse, leis an Rúnaí agus leis na Rúnaithe Cúnta.



Karen O'Driscoll S.C.  
Cathaoirleach



# Comhaltas an Bhinse

## **Seo a leanas comhaltaí an Bhinse:**

An Iníon Karen O'Driscoll SC (Cathaoirleach)

An tUasal Stephen Boggs BL

An Iníon Emma Emma Cassidy BL

An Iníon Adrienne Cawley BL

An Iníon Claire Cummins BL

An tUasal John Healy SC

An tUasal Michael MacNamee BL

An tUasal Joseph O'Sullivan BL

An Iníon Romaine Scally, Aturnae





## Teidlíocht chun Éileamh a Dhéanamh

Leagtar amach catagóirí na ndaoine atá i dteideal iarratas a dhéanamh ar chúiteamh in Alt 4 (1) den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 arna leasú agus in I.R. Uimh. 432 de 1998 (aicmí Éilitheoirí os comhair an Bhinse a Leathnú), 1998 agus leagtar amach an dualgas cruthúnais ar Éilitheoir in Alt 4 (8) den Acht arna leasú. Is féidir an tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997, an tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú), 2002 agus 2006, agus Ionstraimí Reachtúla gaolmhara a fheiceáil ar shuíomh gréasáin an Bhinse: [www.hepccomptrib.com](http://www.hepccomptrib.com).

Ba mhaith leis an mBinse go mbeadh a fhios ag gach duine a d'fhéadfadh a bheith i dteideal iarratas a dhéanamh ar chúiteamh go bhfuil sé ann agus go mbeadh a fhios acu conas iarratas a dhéanamh.

Is féidir foirmeacha iarratais a íoslódáil ón suíomh agus is féidir eolas ginearálta lena n-áirítear léarscáil suímh agus ceisteanna coitianta a fháil.

**MOLTAR D'ÉILITHEOIRÍ  
IONCHASACHA NA  
TEORAINNEACHA AMA  
ÁBHARTHA A THABHAIRT  
FAOI DEARA  
A LEAGTAR AMACH IN ALT 4  
(14) DEN ACHT ARNA  
LEASÚ.**



# Oibríocht an Bhinse

D'oibrigh an Binse mar Scéim chúitimh neamhrechtúil ó dháta a bhunaithe an 16 Nollaig 1995 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 1997. Ar an 1 Samhain 1997 tháinig an tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C, 1997 i bhfeidhm. Ar an 9 Deireadh Fómhair 2002, tháinig an tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C (Leasú) 2002 i bhfeidhm. Tháinig ailt 1 agus 2 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C (Leasú) 2006 i bhfeidhm ar an 20 Meitheamh 2006.

Pléann an Binse le héilimh trí éisteacht ó bhéal i gcúirt os comhair beirt chomhaltaí ar a laghad ón mBinse nó trí thairiscint réitigh. (Comhaontaithe Réitigh - Aguisín III).

Tionóltar éisteachtaí in oifigí an Bhinse agus ó Aibreán 2012 tá an Binse lonnaithe ar 31-35 Sráid Bowes, Baile Átha Cliath 7. Reáchtálann an Binse suíonna ó am go ham i gCorcaigh nuair a dhéantar iarratais ó Éilitheoirí i gceantar na Mumhan. Tá gnólacht luathscríbhneoirí fostaithe le haghaidh gach éisteacht sa Binse agus cuirtear tras-scríbhinní d'imeachtaí ar fáil do gach Éilitheoir trína nAturnae.

D'ainmnigh an tAire Sláinte an Binse, ón 13 Deireadh Fómhair 2020 de bhun Ailt 29 agus 31 den Acht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Leasú), 2020, mar chomhlacht stáit a bhfuil teidlíocht aige a chuid éisteachtaí a sheoladh go cianda agus thug an Binse saoráid isteach le haghaidh éisteachtaí den sórt sin chun cur ar a chumas leanúint air ag feidhmiú le linn Phaindéim Covid-19, agus tá an áis seo fós ar fáil d'Iarratasóirí ach í a iarraidh.

Tá éilitheoirí i dteideal ionadaíocht dhlíthiúil a bheith acu ag na héisteachtaí. I gcásanna áirithe, féadfaidh an Binse cinneadh a dhéanamh Abhcóide a cheapadh chun cabhrú leis.

## Dámhachtainí

D'íoc an Binse €13,493,517.00 san iomlán i leith 38 dámhachtain le linn 2022. Rinneadh dhá íocaíocht arbh fhiú €1,435,000.00 san iomlán iad i ndáil le 2 Achomharc Ard-Chúirte (féach Aguisín I).

Bhronn an Binse 35 dámhachtain le linn 2022. Ba é an méid iomlán a dámhadh €14,073,161.00 agus ba é €402,090 an meán. Bhí na dámhachtainí idir €40,000 agus €2,433,526 agus déantar achoimre orthu thíos:-

Dámhachtainí Sealadacha 7

Dámhachtainí Cnapshuim Aonair 28

Déantar íocaíochtaí eatramhacha de ghnáth i gcásanna nach bhfuil éilitheoir in ann an t-éileamh a chur i láthair ina iomláine e.g. nuair atá cóireáil á déanamh air le haghaidh Heipitéas C nó VEID agus nach bhfuil prognóis deiridh ar fáil láithreach. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí eatramhacha le linn 2022.

Sna dámhachtainí sealadacha a rinneadh go dtí seo, bhí an Binse den tuairim go raibh an fhéidearthacht ann, ach nach raibh ann ach féidearthacht, go mbeadh iarmhairt nó iarmhairtí tromchúiseacha ar leith ag heipitéas C nó VEID ar an Éilitheoir. Ina theannta sin, shonraigh an Binse an tréimhse ama inar féidir leis an Éilitheoir iarratas a dhéanamh ar chúiteamh breise i gcás iarmhairtí nó iarmhairtí den sórt sin a bheith ann.

## **Iarratais ar Chúiteamh Breise tar éis Dámhachtain Shealadach**

San áireamh i líon iomlán na ndámhachtainí a rinneadh le linn 2022, éisteadh ceithre éileamh ar Chúiteamh Breise, agus bronnadh cúiteamh breise €1,255,000 ar na hÉilitheoirí.

## **Costais Dlí**

In 2022 íocadh suim €3,173,814 i gcostais i leith 47 dámhachtain Bhinse. (Féach Aguisín IV le haghaidh miondealú iomlán ar íocaíochtaí).

## **An Ciste Cúitimh**

Bhunaigh Alt 11 (4) d'Acht 1997 Ciste Cúitimh trína mbeadh Éilitheoir a ghlac le dámhachtain ón mBinse nó tairiscint réitigh i dteideal iarratas a dhéanamh go n-íocfaí méid leis ón gCiste in ionad an Bhinse a bheith ag déanamh measúnaithe agus ag bronnadh damáistí níos mó nó eiseamláireacha – socraíodh go mbeadh an méid ón gciste ag 20% den dámhachtain nó den réiteach iomlán. Rinne an Rialtas socruithe ina dhiaidh sin chun ligean d'ionadaithe pearsanta dlíthiúla na n-éilitheoirí a fuair bás iarratas a dhéanamh ar íocaíocht an Chiste.

Ina theannta sin, aon duine a ndéanfaí dámhachtain damáistí ginearálta nó speisialta dó ar achomharc chun na hArd-Chúirte faoi Alt 5(15) nó Alt 6(3)(e) den Acht, íocann an Ciste méid áirithe leis in ionad measúnú a dhéanamh ar dhamáistí níos mó nó eiseamláireacha.

In 2022, d'íoc an Binse €3,293,879 ón gCiste i leith 38 dámhachtain bhinse agus dhá Achomharc Ard-Chúirte.

## **Éilimh Aistarraingthe/Neamhghníomhacha**

Tarraingíodh siar 565 éileamh faoi dheireadh 2022. Faoi láthair, tá an Binse i mbun gach éileamh príomhúil a thugtar a thabhairt ar aghaidh lena n-éisteacht. Ina theannta sin, cuireadh thart ar 442 cás ar atráth faoi dheireadh 2022 agus tabharfar cead dóibh leanúint leis arís.

## **An Fhoireann**

Le linn 2022, chuir foireann de bheirt tacaíocht riaracháin/chléireachais ar fáil le haghaidh oibríocht an Bhinse

**AGUISÍNÍ**



## AGUISÍN I

### Achoimre ar Dhámhachtainí, Achomhairc, Íocaíochtaí Ciste Cúitimh agus Costais

#### Dámhachtainí an Bhinse

<u>Bliain</u>	<u>Líon na nDámhachtainí</u>	<u>An Méid a Íocadh</u> €
1996	204	€28,627,096
1997	327	€56,672,735
1998	535	€105,660,817
1999	214	€43,221,011
2000	126	€31,943,504
2001	71	€23,646,314
2002	62	€18,541,096
2003	108	€27,964,437
2004	243	€39,384,189
2005	287	€42,186,950
2006	290	€46,543,469
2007	193	€57,782,743
2008	143	€39,349,934
2009	158	€32,244,590
2010	117	€30,496,254
2011	114	€17,066,854
2012	79	€15,091,916
2013	77	€16,298,493
2014	75	€16,370,641
2015	59	€15,700,074
2016	28	€14,892,384
2017	62	€13,114,428
2018	52	€10,754,172
2019	28	€8,045,988
2020	38	€5,828,690
2021	42	€9,017,833
2022	38	€13,493,517
<b>Iomlán</b>	<b>3770</b>	<b>€779,940,129</b>

## Achomhairc Ard-Chúirte

<u>Bliain</u>	<u>Líon na nAchomharc</u>	<u>An Méid a Íocadh</u> €
2000	41	€6,053,486
2001	113	€24,835,283
2002	52	€17,762,094
2003	29	€7,372,875
2004	43	€7,954,150
2005	23	€2,260,174
2006	26	€5,249,856
2007	15	€3,242,913
2008	10	€4,670,878
2009	12	€1,638,493
2010	14	€1,670,025
2011	3	€195,001
2012	7	€1,385,476
2013	1	€40,000
2014	2	€150,000
2015	3	€220,000
2016	2	€135,000
2017	6	€1,506,500
2018	0	€0
2019	3	€1,070,642
2020	4	€1,765,480
2021	1	€455,000
2022	2	€1,435,000
<b>Iomlán</b>	<b>412</b>	<b>€91,068,326</b>



## Íocaíochtaí an Chiste Cúitimh

<u>Bliain</u>	<u>Líon na nÍocaíochtaí</u>	<u>Dámhachtain nó Achomharc</u>	<u>An Méid a Íocadh</u> €
1997	340	Dámhachtain	€11,971,841
1998	686	Dámhachtain	€25,249,850
1999	220	Dámhachtain	€8,928,869
2000	136	Dámhachtain	€6,692,662
2000	39	Achomharc	€1,124,269
2001	77	Dámhachtain	€4,889,774
2001	115	Achomharc	€5,053,485
2002	67	Dámhachtain	€3,800,910
2002	52	Achomharc	€3,552,419
2003	92	Dámhachtain	€4,789,220
2003	29	Achomharc	€1,474,575
2004	240	Dámhachtain	€7,723,198
2004	43	Achomharc	€1,590,830
2005	285	Dámhachtain	€8,355,730
2005	23	Achomharc	€452,035
2006	288	Dámhachtain	€9,296,865
2006	25	Achomharc	€1,028,715
2007	170	Dámhachtain	€11,146,133
2007	15	Achomharc	€648,583
2008	138	Dámhachtain	€7,597,215
2008	10	Achomharc	€934,176
2009	152	Dámhachtain	€6,234,917
2009	12	Achomharc	€327,699
2010	112	Dámhachtain	€5,964,670
2010	14	Achomharc	€321,405
2011	112	Dámhachtain	€3,388,004
2011	3	Achomharc	€39,000
2012	76	Dámhachtain	€3,127,929
2012	6	Achomharc	€263,295
2013	70	Dámhachtain	€2,985,965
2014	75	Dámhachtain	€2,965,048
2014	2	Achomharc	€30,000
2015	54	Dámhachtain	€2,988,111
2015	3	Achomharc	€44,000
2016	25	Dámhachtain	€3,040,174
2016	2	Achomharc	€27,000

<u>Bliain</u>	<u>Líon na nÍocaíochtaí</u>	<u>Dámhachtain nó Achomharc</u>	<u>An Méid a Íocadh</u> €
2017	58	Dámhachtain	€2,711,089
2017	6	Achomharc	€289,000
2018	45	Dámhachtain	€2,068,654
2018	0	Achomharc	€0
2019	25	Dámhachtain	€1,540,214
2019	2	Achomharc	€164,128
2020	35	Dámhachtain	€1,128,738
2020	4	Achomharc	€453,096
2021	43	Dámhachtain	€2,449,647
2021	1	Achomharc	€91,000
2022	38	Dámhachtain	€2,993,879
2022	2	Achomharc	€300,000
<b>Iomlán</b>	<b>4067</b>		<b>€172,238,016</b>

## Costais Dí

<u>Bliain</u>	<u>Líon na nÉileamh</u>	<u>An Méid a Íocadh</u> €
1996	93	€1,737,849
1997	275	€7,518,688
1998	512	€16,345,926
1999	315	€9,984,938
2000	180	€8,297,691
2001	183	€8,605,772
2002	77	€4,490,412
2003	131	€6,859,157
2004	197	€7,094,735
2005	307	€13,180,987
2006	344	€11,371,437
2007	187	€7,825,866
2008	129	€8,986,744
2009	155	€13,027,173
2010	148	€10,229,280
2011	149	€10,608,721
2012	96	€7,948,739
2013	65	€4,571,765
2014	78	€6,689,814
2015	40	€2,101,000
2016	30	€2,388,221
2017	48	€3,750,966
2018	48	€4,859,695
2019	45	€5,418,090
2020	37	€2,702,948
2021	18	€849,347
2022	47	€3,173,814
<b>Iomlán</b>	<b>3934</b>	<b>€190,619,775</b>



## AGUISÍN II

### AN BINSE CÚITIMH I NDÁIL LE HEIPITÍTEAS C AGUS VEID

#### CUNTAS AR FHÁLTAIS AGUS AR ÍOCAÍOCHTAÍ DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

#### BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

##### **Bunús na gCuntas**

Is taifead airgeadbhunaithe iad na cuntas ar na Fáltais agus ar na hÍocaíochtaí sa tréimhse.

##### **Tréimhse ar tuairiscíodh uirthi**

Is í an tréimhse ar ar tuairiscíodh an bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022.

##### **Fáltais**

Léiríonn fáltais na tréimhse an t-airgead sin a éilítear agus a fuarthas ón gCuntas Speisialta agus ón gCiste Cúitimh a bunaíodh faoi Ailt 10 agus 11 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus arna leasú faoi Ailt 7 agus 8 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú) 2002.

##### **Íocaíochtaí**

Is iad na hÍocaíochtaí na suimeanna sin a íocadh le linn na tréimhse.

##### **Cuntas Fionraí na Roinne Sláinte**

Déanann an Roinn Sláinte íocaíochtaí thar ceann an Bhinse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus VEID ar ordú ón mBinse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus VEID nó, maidir le costais dlí amháin, Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Déantar na hÍocaíochtaí seo ó chuntas fionraí, atá mar chuid de Chuntas Leithreasa na Roinne Sláinte agus atá faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## AN BINSE CÚITIMH I NDÁIL LE HEIPITÍTEAS C AGUS VEID

Cuntais ar Fháiltais agus ar Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022	Líon	2022 €	Líon	2021 €
<b>Íocaíochtaí</b>				
<b>Dámhachtainí an Bhinse</b>				
Lena n-áirítear Dámhachtainí Nua	38	13,493,517	42	9,017,833
Achomhairc Ard-Chúirte	2	1,435,000	1	455,000
Dámhachtainí Atheisithe *	0	0	Féach	382,400
Dámhachtainí Iomlána	40	14,928,517	Nóta *	9,855,233
* <i>Atheisíodh dhá (2) dhámhachtain in 2021</i>				
<b>Íocaíochtaí an Chiste Cúitimh</b>				
Lena n-áirítear Dámhachtainí Nua	38	2,993,879	43	2,449,647
Dámhachtainí Atheisithe	2	300,000	1	91,000
Achomhairc Ard-Chúirte	0	0	Féach	76,480
Iomlán na nÍocaíochtaí Ciste Cúitimh	40	3,293,879	Nóta *	2,617,127
* <i>Atheisíodh dhá (2) Dhámhachtain ón gCiste Cúitimh in 2021</i>				
<b>Costais dlí Dhámhachtainí an Bhinse</b>				
Lena n-áirítear Dámhachtainí Nua	42	2,269,707	17	384,404
Achomhairc Ard-Chúirte	5	904,108	1	464,943
Iomlán na gCostas Dlí	47	3,173,814	18	849,347
<b><u>Costais riaracháin</u></b>				
Pá		412,336		429,287
Neamhphá		71,270		72,979
<b>Iomlán na nÍocaíochtaí</b>		<b>21,879,817</b>		<b>13,823,973</b>
<b><u>Fáiltais</u></b>				
Faighte ón gCuntas Speisialta a bunaíodh faoi Alt 10 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997.		27,073,000		9,245,000
Faighte ón gCiste Cúitimh a bunaíodh faoi Alt 11 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997.		5,480,000		1,229,000
<b>Fáiltais</b>		<b>32,553,000</b>		<b>10,474,000</b>
<b>Barrachas / (Easnamh) don bhliain</b>		<b>10,673,183</b>		<b>(3,349,973)</b>
<b>Barrachas / (Easnamh) a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe</b>		<b>(16,911,179)</b>		<b>(13,561,206)</b>
<b>Barrachas / (Easnamh) a thabharfar ar aghaidh go dtí an bhliain seo chugainn</b>		<b>(6,237,996)</b>		<b>(16,911,179)</b>
<b><u>Arna mhaoiniú ag</u></b>				
<b>Cuntas Fionraí na Roinne Sláinte</b>				
Léiríonn an tsuim seo an méid atá le tarraingt as na cuntais ábhartha arna mbunú faoi Ailt 10 agus 11 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus arna leasú faoi Ailt 7 agus 8 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú), 2002.				

## AN BINSE CÚITIMH I nDÁIL LE HEIPITÍTEAS C AGUS VEID

<u>Cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022</u>			
<u>Nótaí leis na Cuntais</u>		2022	2021
		€	€
<b><u>Pá</u></b>			
<b>Nóta 1</b>	Táillí a íocadh le Comhaltaí agus Cathaoirleach an Bhinse	254,727	274,809
	Riarachán	157,609	154,477
	<b>Pá Iomlán</b>	<b>412,336</b>	<b>429,286</b>
<b><u>Neamhphá</u></b>			
<b>Nóta 2</b>	Diúscairt dramhaíola rúnda	720	645
	Glanadh Conartha	2,749	3493
	Seirbhísí Cúireireachta	3,633	4520
	Táillí do Thuarascáil Saineolaithe	0	0
	Teas, Cumhacht agus Solas	5,732	5673
	TFC	3,755	4988
	Cothabháil agus Daingneáin	2,691	60
	Nithe Ilghnéitheacha	500	402
	Soláthairtí Oifige	2,734	1989
	Fóin	2,274	2663
	Postas	1,025	1186
	Priontáil	245	0
	Seomraí ar cíos	0	708
	Seirbhísí gearrscríbhneoireachta	33,274	45887
	Taisteal agus Cothú	2,191	765
	Meaisín díola agus soláthairtí uisce	30	0
	Seirbhísí Dlí	9,717	0
	<b>Iomlán Neamhphá</b>	<b>71,270</b>	<b>72,979</b>





## AGUISÍN III

### Comhaontaithe Réitigh arna ndéanamh ag an Aire Sláinte agus Leanaí faoi Alt 8 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997

#### Réamhrá

Forálann na comhaontaithe réitigh do réitigh éileamh i leith damáistí ginearálta agus speisialta amháin. Beidh na comhaontaithe a neamhfhoirmiúla agus is féidir agus feidhmeoidh siad ar bhealach a chinntíonn go ndéanfar tairiscintí réitigh a luaithe agus is féidir.

#### Cáipéisíocht Tacaíochta

Sa chás go gcuireann éilitheoir in iúl do Rúnaí an Bhinse gur mian leis socrú a dhéanamh, ceanglófar ar an éilitheoir achoimre iomlán a thabhairt don Rúnaí ar na doiciméid ar a bhfuil an t-éileamh bunaithe, lena n-áirítear doiciméid iomlána mar thaca le héilimh ar dhamáistí ginearálta agus speisialta. Féadfaidh éilitheoir dámhachtain chnapshuim aonair nó dámhachtain shealadach a roghnú trí réiteach.

#### Cúisíocht

Déanfar an t-éileamh mar aon leis na doiciméid tacaíochta go léir a chur ar aghaidh chuig comhalta den Bhinse. Ceanglófar ar an éilitheoir a bheith ag teacht le sásamh chomhalta an Bhinse, go gcomhlíonann sé na critéir a leagtar amach in Alt 4 den Acht.

Sa chás nach bhfuil comhalta an Bhinse sásta go gcomhlíonann an t-éilitheoir na critéir a leagtar amach in Alt 4 den Acht, cuirfear an t-éileamh ar aghaidh chuig an mBinse chun cinneadh a dhéanamh maidir le cúisíocht agus, más mian leis an éilitheoir é, le haghaidh dámhachtana ón mBinse, más cuí. Sa chás inar mian leis an éilitheoir, féadfar éileamh a chur ar ais chuig an mBinse chun cinneadh a dhéanamh maidir le cúisíocht.

Sa chás go gcinnfidh an Binse nach bhfuil an t-éilitheoir i dteideal cúitimh faoin Acht, féadfaidh an t-éilitheoir achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh sin chun na hArd-Chúirte.

#### Tairiscint Réitigh

Beidh tairiscintí réitigh bunaithe ar na critéir chéanna a chuireann an Binse i bhfeidhm faoi alt 5 den Acht maidir le leibhéal na ndámhachtainí. Cuirfidh Rúnaí an Bhinse an tairiscint réitigh in iúl i scríbhinn don éilitheoir maidir lena ionadaí/lena hionadaí dlíthiúil.

#### Glacadh le Tairiscint Réitigh

Iarrfar ar an éilitheoir a chur in iúl i scríbhinn laistigh de 28 lá ó dháta na tairisceana an bhfuil sé ag glacadh leis an réiteach nó a dhiúltú.

Sa chás go nglacann an t-éilitheoir leis an tairiscint, síneoidh sé na tarscaoiltí riachtanacha maidir le haon cheart caingne a bheadh ag an éilitheoir murach sin.

Tabharfaidh Rúnaí an Bhinse dá aire gur glacadh leis an tairiscint agus socróidh sé go ndéanfaidh an Binse dámhachtain ar thoiliú mhéid an réitigh.

I gcás éilitheora atá faoi aois, beidh glacadh dámhachtana faoi réir fhorpheas na hArd-Chúirte.

### **Diúltú do réiteach**

Sa chás nach gcuireann an t-éilitheoir an Rúnaí ar an eolas laistigh de 28 lá ó dháta na tairisceana, glactar leis gur dhiúltaigh an t-éilitheoir don tairiscint agus go bhfuil éisteacht Binse á lorg aige.

Sa chás go ndiúltaíonn éilitheoir do thairiscint, nó go meastar gur dhiúltaigh sé do thairiscint, déanfaidh Rúnaí an Bhinse an t-éileamh a chur ar aghaidh le haghaidh éisteachta mura dtugann an t-éilitheoir treoir dá mhalairt.

Sa chás go ndiúltaíonn éilitheoir do réiteach nó go meastar gur dhiúltaigh sé do réiteach, measfar go bhfuil na comhaontaithe réitigh faoi Alt 8 ídithe ag an éilitheoir.

### **An Ciste Cúitimh**

Féadfaidh éilitheoir a ghlacann le tairiscint réitigh iarratas a dhéanamh chuig an Rúnaí go n-íocfar méid 20% den tairiscint réitigh as an gCiste Cúitimh a bunaíodh faoi alt 11 den Acht. De rogha air sin, féadfaidh an t-éilitheoir iarratas a dhéanamh chun éileamh ar dhamáistí níos mó nó eiseamláireacha a chinneadh ag an mBinse faoi alt 5.

### **Éileamh Ionadaíoch**

Féadfaidh Rúnaí an Bhinse glacadh le héileamh atá ionadaíoch d'aicme nó do ghrúpa éilitheoirí i gcás ina bhfuil na himthosca is cúis lena n-éilimh a bheag nó a mhór cosúil lena chéile. Beidh feidhm ag comhaontuithe comhchosúla leo siúd a leagtar amach thuas i gcásanna den sórt sin. Cosnaítear cearta gach éilitheoir aonair glacadh le réiteach nó diúltú dó agus cearta gach éilitheora faoi aon fhoráil eile den Acht.

### **Costais**

Sa chás go ndéanann Binse dámhachtain bunaithe ar thairiscint réitigh, bronnfar costais ar an mbonn céanna agus bainfead úsáid as na nósanna imeachta céanna amhail is dá mba rud é gur éist sé an t-éileamh faoin Acht. Ar an gcaoi chéanna, cuirfidh an Binse san áireamh na costais a tabhaíodh agus réiteach á roghnú aige i gcás inar dhiúltaigh éilitheoir do thairiscint réitigh.

### **Rúndacht**

I gcásanna nach nglacann an t-éilitheoir leis an tairiscint agus go gcuireann an Binse an cás ar aghaidh le haghaidh éisteacht iomlán, ní bheidh comhalta an Bhinse a raibh baint aige leis na comhaontuithe réitigh ina chomhalta de rannán an Bhinse a bheidh ag éisteacht an éilimh. Ní chuirfead an Binse ar an eolas go ndearna an t-éilitheoir iarratas ar réiteach nó gur dhiúltaigh sé do réiteach.

Ráthaítear rúndacht an cháis faoi Alt 8(2) den Acht mar seo a leanas:

*"Aon doiciméid nó cáipéis a chuirfear faoi bhráid an Bhinse i leith éilimh i gcás réiteach a bheith á caibidil faoin alt seo, féadfaidh daoine a bhfuil baint acu leis an réiteach iad a fheiceáil agus ní nochtfaidh siad an fhaisnéis atá sna doiciméid ná sna cáipéisí sin d'aon duine seachas iad siúd lena mbaineann an réiteach."*

Ciallaíonn sé seo nach gceadaítear do chomhalta an Bhinse a bhfuil baint aige le réiteach aon fhaisnéis (lena n-áirítear sonraí faoi aon tairiscint a rinneadh don éilitheoir) a thabhairt d'aon duine nach bhfuil bainteach leis an réiteach ná an cás a phlé le comhaltaí eile an Bhinse.



**AGUISÍN IV**

**COSTAIS DLÍ A ÍOCADH IN 2022**

DÁTA	TAGAIRT AN BHINSE	MÉID	ÍOCAÍ
		€	
06/01/2022	4897/17	10,850.00	Fiona Ryan Solicitors
06/01/2022	4922/18	5,904.00	Fiona Ryan Solicitors
02/02/2022	4858/17	799.50	Paul O'Sullivan and Co
02/02/2022	4417/11	84,390.17	Malcomson Law
02/02/2022	4415/11	186,096.87	Malcomson Law
02/02/2022	3954/06	73,177.08	Malcomson Law
09/02/2022	4294/09	7,756.75	Holmes O'Malley Sexton
09/02/2022	4618/13	63,300.39	Malcomson Law
23/02/2022	519/96	37,586.25	Messrs Lavelle Coleman
23/02/2022	4417/11	1,956.00	Malcomson Law
09/03/2022	4747/15	151,213.50	Ivor Fitzpatrick And Company
15/03/2022	4815/16	8,671.50	Fiona Ryan Solicitors
15/03/2022	4921/18	5,842.50	Fiona Ryan Solicitors
15/03/2022	4816/16	10,381.50	Fiona Ryan Solicitors
06/04/2022	3199/05	95,145.85	Malcomson Law
11/05/2022	4956/19	118,134.61	Arthur P McLean and Co
18/05/2022	4955/19	521,289.09	Malcomson Law
18/05/2022	4215/08	7,455.90	Ivor Fitzpatrick And Company
15/06/2022	3401/05	46,589.63	Malcomson Law
15/06/2022	4813/16	43,932.50	Fiona Ryan Solicitors
31/08/2022	4325/10	139,116.36	Ivor Fitzpatrick And Company
21/09/2022	4826/16	19,810.75	Arthur Cox
21/09/2022	4832/17	26,483.50	Arthur Cox
21/09/2022	4831/17	19,810.75	Arthur Cox
21/09/2022	4825/16	16,106.30	Arthur Cox
21/09/2022	4821/16,4829/17,2021/2CT	184,313.20	Arthur Cox
21/09/2022	4830/17	19,810.75	Arthur Cox
21/09/2022	4908/19,4969/19	217,431.61	Catherine Murphy and Co Sols
12/10/2022	3166/05	170,681.83	Malcomson Law
12/10/2022	3244/05	69,621.57	Malcomson Law
09/11/2022	4932/18	9,447.00	Fiona Ryan Solicitors
09/11/2022	4928/32	46,201.85	Fiona Ryan Solicitors
09/11/2022	3953/06	88,262.27	Malcomson Law
09/11/2022	3243/05	71,930.97	Malcomson Law

DÁTA	TAGAIRT AN BHINSE	MÉID	ÍOCAÍ
		€	
15/12/2022	4988/20	6,207.65	Ivor Fitzpatrick And Company
15/12/2022	4988/20	117,035.90	Ivor Fitzpatrick And Company
15/12/2022	4324/10	23,624.34	Ivor Fitzpatrick And Company
15/12/2022	4322/10	23,642.16	Ivor Fitzpatrick And Company
15/12/2022	4327/10	19,590.20	Ivor Fitzpatrick And Company
15/12/2022	4326/10	23,519.16	Ivor Fitzpatrick And Company
15/12/2022	4320/10	33,836.60	Ivor Fitzpatrick And Company
15/12/2022	4998/21	33,415.71	Ivor Fitzpatrick And Company
15/12/2022	4323/10	33,956.94	Ivor Fitzpatrick And Company
15/12/2022	4318/10	23,441.67	Ivor Fitzpatrick And Company
15/12/2022	4319/10	23,675.66	Ivor Fitzpatrick And Company
15/12/2022	4321/10	31,924.48	Ivor Fitzpatrick And Company
15/12/2022	0143/96	200,441.59	Malcomson Law
	<b>Iomlán 2022</b>	<b>3,173,814.36</b>	



